

RIALACHÁN (AE) 2022/617 ÓN gCOIMISIÚN

an 12 Aibreán 2022

lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 1881/2006 maidir le huasleibhéil mearcair in éisc agus i salann

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (CEE) Uimh. 315/93 ón gComhairle an 8 Feabhra 1993 lena leagtar síos nósanna imeachta Comhphobail maidir le héilleáin i mbia ⁽¹⁾, agus go háirithe Airteagal 2(3) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

- (1) Le Rialachán (CE) Uimh. 1881/2006 ón gCoimisiún ⁽²⁾, socraítear uasleibhéil le haghaidh éilleáin áirithe, lena n-áirítear mearcair, in earraí bia.
- (2) An 22 Samhain 2012, ghlac an tÚdarás Eorpach um Shábháilteacht Bia (“an tÚdarás”) tuairim maidir le mearcair agus meitilmearcair i mbia ⁽³⁾. Sa tuairim sin, bhunaigh an tÚdarás iontógáil sheachtainiúil infhulaingthe (“TWI”) le haghaidh mearcair neamhorgánach arb é atá inti 4 µg/kg den mheáchan coirp (“b.w.”) agus le haghaidh meitilmearcair arb é atá inti 1,3 µg/kg b.w. (an dá rud arna sloinneadh mar mhearcair) agus tháinig an tÚdarás ar an gconclúid go bhfuil an nochtadh cothúcháin ar an 95ú peircintíl gar do TWI nó os a chionn le haghaidh gach aoisghrúpa. Tomhaltóirí a itheann méideanna móra éisc, a bhféadfadh mná torracha a bheith san áireamh leo, d’fhéadfaidís suas le sé oiread TWI a ithe. Is iad leanaí gan bhreith an grúpa is leochailí. Is é ba chonclúid don tuairim sin gur ábhar inní é nochtadh do mheitiolaiméir os cionn TWI, ach moladh inti na héifeachtaí tairbhiúla a bhaineann le tomhaltas éisc a chur san áireamh, i gcás ina mbeartófaí bearta chun nochtadh meitileimiceola a laghdú.
- (3) An 27 Meitheamh 2014, ghlac an tÚdarás tuairim maidir leis na tairbhí sláinte a bhaineann le tomhaltas an bhia mara i ndáil leis na rioscaí sláinte a bhaineann le nochtadh do mheitilmearcair ⁽⁴⁾. Sa tuairim sin, rinne an tÚdarás athbhreithniú ar ról an bhia mara in aistí bia Eorpacha agus rinne sé meastóireacht ar na héifeachtaí tairbhiúla a bhaineann le tomhaltas an bhia mara i ndáil le torthaí sláinte, lena n-áirítear éifeachtaí tomhaltais an bhia mara le linn toirchis ar thorthaí feidhmiúla néaraphorbhartha na leanaí agus éifeachtaí tomhaltais an bhia mara ar riosca galar cardashoithíoch i measc daoine fásta. Chinn an tÚdarás go raibh torthaí feidhmiúla níos fearr ar néaraphorbairt na leanaí le tomhaltas de thart ar 1-2 dháileadh den bhia mara in aghaidh na seachtaine agus suas le 3-4 dháileadh in aghaidh na seachtaine le linn toirchis, i gcomparáid le néaraphorbairt na leanaí nach raibh aon bhia mara acu. Bhí baint ag méideanna den sórt sin freisin le laghdú sa ráta básmhaireachta le haghaidh galar corónach croí i measc daoine fásta.
- (4) An 19 Nollaig 2014, ghlac an tÚdarás ráiteas i ndáil leis na sochair a bhaineann le tomhaltas éisc/bia mara i gcomparáid leis na rioscaí a bhaineann leis an meitilmearcair in iasc/bia mara ⁽⁵⁾, ráiteas inar thángthas ar an gconclúid gur cheart, chun na sochair a bhaineann le tomhaltas éisc (1 go 4 dháileadh éisc in aghaidh na seachtaine) agus chun cosaint a thabhairt i gcoinne tocsaineacht néaraphorbhartha an mheitilmearcair, gur cheart teorainn a chur le tomhaltas speiceas éisc/bia mara a bhfuil cion ard mearcair iontu.
- (5) Agus toradh thuairimí agus ráiteas eolaíoch an Údaráis á chur san áireamh, ba cheart athbhreithniú a dhéanamh ar na huasleibhéil mhearcair, chun an nochtadh cothúcháin do mhearcair sa bhia a laghdú a thuilleadh.

⁽¹⁾ IO L 37, 13.2.1993, lch. 1.

⁽²⁾ Rialachán (CE) Uimh. 1881/2006 ón gCoimisiún an 19 Nollaig 2006 lena socraítear uasleibhéil le haghaidh éilleáin áirithe in earraí bia (IO L 364, 20.12.2006, lch. 5).

⁽³⁾ Painéal EFSA maidir le hÉillitheoirí sa Bhiashlabhra (Contam); Tuairim Eolaíoch maidir leis an riosca don tsláinte phoiblí a bhaineann le mearcair agus meitilmearcair a bheith sa bhia. *Iris EFSA* 2012;10(12):2985.

⁽⁴⁾ Painéal NDA EFSA (Painéal EFSA ar Tháirgí Diatáiteacha, Cothú agus Ailléirgí), 2014. Tuairim Eolaíoch maidir leis na sochair shláinte a bhaineann le tomhaltas bia mara (iasc agus sliogéisc) i ndáil le rioscaí sláinte a bhaineann le nochtadh do mheitilmearcair. *Iris EFSA* 2014;12(7):3761.

⁽⁵⁾ Coiste Eolaíoch EFSA, 2015. Ráiteas ar na sochair a bhaineann le hiasc/bia mara i gcomparáid leis na rioscaí a bhaineann le meitilmearcair in iasc/bia mara. *Iris EFSA* 2015;13(1):3982.

- (6) Toisc go léiríonn na sonraí minicíochta is déanaí go mbeidh corrlach ann chun na huasleibhéil mhearcair i speicis éagsúla éisc a íslíú, ba cheart na huasleibhéil na speiceas éisc sin a mhodhnú dá réir.
- (7) I bhfianaise na n-ábhar inmí sláinte gaolmhar, ba cheart leibhéal an mhearcair le haghaidh na siorcanna agus na colgán a choinneáil ar an leibhéal reatha, go dtí go ndéanfar tuilleadh bailithe sonraí agus measúnú eolaíoch agus eolais ann ar éifeachtacht na comhairle tomhaltais chun an nochtadh a laghdú.
- (8) Leagtar amach sa Codex Alimentarius uasleibhéal 0,1 mg/kg le haghaidh an mhearcair i salann ⁽⁶⁾. Is iomchuí an t-uasleibhéal céanna a shocrú i reachtaíocht an Aontais.
- (9) Ba cheart, dá bhrí sin, Rialachán (CE) Uimh. 1881/2006 a leasú dá réir sin.
- (10) Agus seilfré fhada earraí bia áirithe a chumhdaítear leis an Rialachán seo á cur san áireamh, is iomchuí foráil a dhéanamh maidir le hidirthréimhse inar féidir leis na hearraí bia sin nach gcomhlíonann na huasleibhéil nua agus a chuirtear go dleathach ar an margadh roimh dháta theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo, inar féidir leo fanacht ar an margadh.
- (11) Tá na bearta dá bhforáiltear sa Rialachán seo i gcomhréir leis an tuairim ón mBuanchoiste um Plandaí, Ainmhithe, Bia agus Beatha,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Leasaítear an Iarscríbhinn a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 1881/2006 i gcomhréir leis an Iarscríbhinn a ghabhann leis an Rialachán seo.

Airteagal 2

Na hearraí bia a liostaítear san Iarscríbhinn a chuirtear ar an margadh go dleathach roimh theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo, féadfaidh siad fanacht ar an margadh go dtí an dáta íosmharthanachta nó an dáta deiridh úsáide.

Airteagal 3

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, 12 Aibreán 2022.

Thar ceann an Choimisiúin
An tUachtarán
Ursula VON DER LEYEN

⁽⁶⁾ Caigneán Ginearálta Codex le haghaidh na nÉilleán agus na Tocsaine i mBianna agus i mBeatha — GSCTFF (CODEX STAN 193-1995).

IARSCRÍBHINN

Leasaítear an Iarscríbhinn a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 1881/2006 mar a leanas:

I Roinn 3: Cuirtear an méid seo a leanas in ionad na miotal, foroinn 3.3. (Mearcair):

“3.3	Mearcair	
3.3.1	Táirgí iascaigh ⁽²⁶⁾ agus feoil mhatánach éisc ⁽²⁴⁾ ⁽²⁵⁾ , gan na speicis a liostaítear faoi phointe 3.3.2 agus pointe 3.3.3 a áireamh. Baineann an t-uasleibhéal crústaigh le feoil matáin ó ghéagáin agus bolg ⁽⁴⁴⁾ . I gcás na bportán agus na gcrústach portáin (<i>Brachyura</i> agus <i>Anomura</i>) baineann sé le feoil mhatáin ó ghéagáin.	0,50
3.3.2	Feoil mhatáin na n-iasc seo a leanas ⁽²⁴⁾ ⁽²⁵⁾ : Garbhánach ascailleach (<i>Pagellus acarne</i>) Scabaird dhubh (<i>Aphanopus carbo</i>) Deargán (<i>Pagellus bogaraveo</i>) Tuinnín beag (<i>Sarda sarda</i>) Garbhánach coiteann (<i>Pagellus erythrinus</i>) Ronnach nathartha (<i>Lepidocybium flavobrunneum</i>) Haileabó (speiceas <i>Hippoglossus</i>) Clipí na Rinne (<i>Genypterus capensis</i>) Gaithiasc (speiceas <i>Makaira</i>) Méigrim scoilteán (speiceas <i>Lepidorhombus</i>) Ronnach nathartha (<i>Ruvettus pretiosus</i>) Gainneachán flannbhuí (<i>Hoplostethus atlanticus</i>) Tusceascann bhándearg (<i>Genypterus blacodes</i>) Liús (speiceas <i>Esox</i>) Boiníotó aondathach (<i>Orcynopsis unicolor</i>) Miontrosc (speiceas <i>Tricopterus</i>) Milléad dearg (<i>Mullus barbatus barbatus</i>) Gránadóir cruinnsocach (<i>Coryphaenoides rupestris</i>) Colgán na ndealg Atlantach (speiceas <i>Istiophorus</i>) Scabaird airgid (<i>Lepidopus caudatus</i>) Ronnach nathartha (<i>Gempylus serpens</i>) Bradán fearna (speiceas <i>Acipenser</i>) Milléad dearg (<i>Mullus surmuletus</i>) Tuinnín (speiceas <i>Thunnus</i> , speiceas <i>Euthynnus</i> , <i>Katsuwonus pelamis</i>) Siorc (gach speiceas) Colgán (<i>Xiphias gladius</i>)	1,0
3.3.3	Ceifileapóid Gastrapóid mhuirí Feoil mhatáin na n-iasc seo a leanas ⁽²⁴⁾ ⁽²⁵⁾ :	0,30

	<p>Ainseabhaí (<i>speiceas Engraulis</i>) Mangach Alascach (<i>Theragra chalcogrammus</i>) Trosc an Atlantaigh (<i>Gadus morhua</i>) Scadán Atlantach (<i>Clupea harengus</i>) Cat mara (<i>Pangasius bocourti</i>) Carbán (speicis a bhaineann leis an Teaghlach Cyprinidae) Daba coiteann (<i>Limanda limanda</i>) Ronnach (<i>speiceas Scomber</i>) Leith Eorpach (<i>Platichthys flesus</i>) Leathóg bhallach (<i>Pleuronectes platessa</i>) Salán Eorpach (<i>Sprattus sprattus</i>) Ollchat mara Mekong (<i>Pangasianodon gigas</i>) Mangach (<i>Pollachius pollachius</i>) Glasán (<i>Pollachius virens</i>) Bradán agus Breac (speiceas <i>Salmo</i> agus speiceas <i>Oncorhynchus</i>, seachas <i>Salmo trutta</i>) Sairdín nó Pilséar (speiceas <i>Dussumieria</i>, speiceas <i>Sardina</i>, speiceas <i>Sardinella</i> agus speiceas <i>Sardinops</i>) Sól (<i>Solea solea</i>) Cat mara coiréalach (<i>Pangasianodon hypothalamus</i>) Faoitín (<i>Merlangius merlangus</i>)</p>	
3.3.4	Forbhianna ⁽³⁹⁾	0,10
3.3.5	Salann	0,10"